Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Iascach

2024/0133(NLE)

22.10.2024

***

DRÉACHTMHOLADH

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Phrótacal (2024-2029) maidir le Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde
(11267/2024 – C10-0087/2024 – 2024/0133(NLE))

An Coiste um Iascach

Rapóirtéir: Paulo Do Nascimento Cabral

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 6

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Phrótacal (2024-2029) maidir le Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde (11267/2024 – C10-0087/2024 – 2024/0133(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (11267/2024),

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (11026/2024),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 43(2) agus le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), agus le hAirteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0087/2024),

– ag féachaint don mheasúnú buiséadach ag an gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhorbairt,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Iascach (A10-0000/2024),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Phoblacht Cabo Verde.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh (FPA) idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde (FPA), cuirtear deiseanna ar fáil do 56 shoitheach AE chun iascaireacht a dhéanamh ar thuinníní agus ar speicis ghaolmhara in uiscí Cabo Verde.

Leis an gcomhaontú nua, cumhdaítear tréimhse cúig bliana agus tabharfar an deis do shoithí an Aontais chun iascaireacht a dhéanamh ar 7 000 tona tuinníní agus speicis atá cosúil le tuinníní in uiscí Cabo Verde. Mar chúiteamh air sin, íocfaidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais EUR 780 000 in aghaidh na bliana (EUR 3 900 000 ar feadh thréimhse iomlán an Phrótacail), ranníocaíocht as a mbaineann EUR 350 000 le tonnáiste tagartha 7 000 tona, agus EUR 430 000 chun tacú le beartas earnála iascaigh Cabo Verde a fhorbairt.

Tugann an Rapóirtéir chun suntais go bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint le Cabo Verde, mar ghníomhaí ábhartha san Aigéan Atlantach, agus meabhraíonn sé go bhfuil caidreamh comhoibritheach forbartha ag AE agus Cabo Verde le breis agus daichead bliain, le hurraim agus idirphlé polaitiúil. Faoi láthair, tá comhluachanna ag Cabo Verde agus ag an Aontas amhail an daonlathas, urraim do Chearta an Duine agus an Smacht Reachta, cur chun cinn an iltaobhachais, agus is cuid de ghrúpa réigiúnach é Cabo Verde, ar a dtugtar an Mhacrainéis, lena n-áirítear na hAsóir, Maidéara, na hOileáin Chanáracha agus Cabo Verde. Mar thoradh ar theacht chun cinn an chaidrimh sna réimsí sin, cruthaíodh Comhpháirtíocht Speisialta idir an tAontas Eorpach agus Cabo Verde in 2007, comhpháirtíocht atá ag teacht chun cinn i gcónaí.

Leagann an Rapóirtéir béim ar a thábhachtaí atá SFPA idir AE agus Cabo Verde do chabhlach an Aontais a dhéanann iascaireacht ar thuinníní agus ar speicis ghaolmhara san Aigéan Atlantach, de réir critéir dhochta AE maidir le bainistiú iascaigh, caomhnú acmhainní agus inbhuanaitheacht chomhshaoil, agus cearta an duine á n-urramú go docht agus rannchuidiú le forbairt shocheacnamaíoch áitiúil ag an am céanna.

Measann an Rapóirtéir gur Comhaontú cothrom é sin, ina bhfuil an luach saothair as na deiseanna iascaireachta níos ísle ná ranníocaíocht AE chun tacú le forbairt earnáil iascaigh Cabo Verde. Leis an bPrótacal sin, cuirtear béim ar leith ar dhálaí oibre cuibhiúla a chur chun cinn le haghaidh gníomhaíocht iascaireachta, fothú eolaíoch acmhainneachta, breathnóireacht agus bainistiú na muirthimpeallachta agus na limistéar muirí faoi chosaint. Cuireann sé bainistiú inbhuanaithe iascaigh, rialú iascaigh agus an comhrac i gcoinne iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) chun cinn. Tá forálacha nua ann freisin chun feabhas a chur ar fhaireachán soithí, ar bhainistiú údaruithe iascaireachta agus ar bhearta bainistithe feabhsaithe maidir le stoic siorcanna. Freagraíonn an Prótacal do mhian Cabo Verde tionsclaíocht agus iomaíochas a hearnála iascaireachta a neartú.

I gcomhréir le hAirteagal 218(6) CFAE, tá gá le toiliú ó Pharlaimint na hEorpa chun go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.

I bhfianaise an mhéid thuas, molann an Rapóirtéir go dtabharfaidh an Pharlaimint a toiliú do thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.